Poll Péiste
Féinphortráid le comharthaí brídeoige (nimhe)

Tomislav Vrečar

Aistriúchán: Peadar Ó Ceannabháin

focailleile

Co-funded by the Creative Europe Programme of the European Union

drugebesede

Poll Péiste*

Níorbh fhada ar bóthar sa mbánsholas mé nuair a thuirling cois mhór ghrágach ón spéir - faoileán - go gcuirfeadh sé an tsráid faoina smacht. Tá gaisce faoina chuid siúil, a aird ar mhála dubh, ar riar maith málaí dubha i ndomhnach! Fágtar os comhair an tí iad go dtabharfaidh na fir bhruscair leo ar maidin iad. Tá a shúil ar an gceann is gaire dó agus tosaíonn sé ag piocadh ar na hinní. Ar fhuílleach daoine atá a aird; an greim nár chríochnaíodar, an chuid nár fhéad siad a dhíleá, píosaí inite arbh fhearr gan trácht orthu. Ní chuirfear an faoileán dá bhuille, stiallann sé an t-ábhar as an mála dubh go giongach, aghaidh éigin nua á tharraingt aníos aige i maidneachan an lae, an aipindic á stróiceadh trí pholl péiste na beatha. Maidir leis an scroblachóir, a theacht slán agus a theacht i dtír ar dhaoine eile an chloch is mó ar a phaidrín - an boladh is lú aeir fágann sé lorg nach mbeifí ag súil leis, é cuibhrithe sa gciúnas.

Greamaíonn an ghaoth de chluaisíní cait na bpóstaer neamhghliúáilte ar aghaidheanna concréite na sráideanna rite. Baintear síneadh as na póstaeir, iad ag osnaíl mar bhrídeoga postdíola, macallaí cianchoiscéimeanna á gcarnadh acu. Rithim xéaracsáilte an aonarachais. Colainneacha á mbailiú. Ceobhrán gona chlaochlú: doléite, stiallta, doiléir; píosaí leamha d'fhocail, focail théagartha agus míreanna de rudaí. Foilmhe ag síneadh idir an dá shúil. Ó chéad alt na méar go dtí an t-alt deiridh. An ghaoth agus a cuid scóipe. Chuaigh an bás thar bráid anseo tráth. Lá éigin eile, creathanna fuachta - slán an tsamhail. Nochtaítear deirge an bhríce i ngréasán na hoibre ar chúl an phlástair atá ag titim. Fálta lúbtha ag an dorchadas, sleamhain ón gcuimilt mhear, iad meirgeach ceal solais; an bháisteach agus boladh cruach á meilt ag fuaim na báistí. Málaí dubha polaivinil gona mangarae d'inní. Inní agus polaipí an ghátair greanta orthu. Ilghnéitheacht an ocrais. Aonaracht an chiúnais. Beith éigin gona mheanach dí-innithe.

Múchaim an spás i mblosc na gríosaí agus mé ag deargadh mo thoitín, ag fanacht is ag tarraingt deataí, ag cur crutha ar smaointe, ag dul isteach i spás agus in am nár tharla fós. Tráth a spíontar é, tosaím ag scríobh go bhféachad le filleadh ar an spás sin ar feadh ala. Agus céard é an spás seo?

Is í an tseasmhacht shéimh sa gciúnas a nochtann an domhan don duine. Seasmhacht chiúin sa spás a chriogann é. Nuair nach bhfuilir anseo ná ansiúd táir i ngach áit. Níl ort ach an t-achar ceart cuí a aimsiú go gcoinnítear as bascadh choire na sioncrónachta thú, go gcoinnítear as an mbabla feidhmiúil thú, an áit a bhfuil gach ní in ord agus in eagar. Néatacht ar son na sioncrónachta; a bheith nua-aoiseach, tráth a rialaíonn daoine eile na scáthanna agus na foirmeacha dualgais. Iarracht ar rud éigin a ghabháil, atá in ainm is a bheith ina aguisín ar am nó ar nóiméad éigin, nuair nach bhfuil ann i ndáiríre ach iarracht dea-mheas a thuilleadh, a dhul in oiriúint do ghaiste na súilíochta, gan a bheith chomh corr le luifearnach docheansaithe a gcaitear a bheith seasta á lúbadh agus á sciotadh.

Loisceann an solas an deannach den deilbh sa gcaoi is go bhféadaim é a fheiceáil. Fear óg tanaí, ar maos le gnáthacht agus le teolaíocht, easurraim fhoirfe fhealltach, sean-screamh a chuid iompair, é tollta ag cleachtadh na coitiantachta. Chinnfeadh ar an saol meas a spreagadh sa deilbh seo, níl sé ann aitheantas a thabhairt d'aon chineál cliarlathais; é lánábalta soiniciúlacht, faoi choim na béasaíochta, a chur in iúl. As an sféar íochtarach a d'eascair an ghaois, gaois an ghasúir ghlic nach bhfuil i ndán dó ach obair láimhe ar phá íseal, a mheas ar an uasaicme tomhaiste de réir a bhrabach orthu, níl san aicme chéanna ina shúile siúd ach ainmhí fiáin nár mhór a ionsaí agus a chreachadh...i mbeagán focal níl ann ach bithiúnach atá dílis dá chuid saoirse agus dá chinniúint. Seo a bhfeicimse, agus deirim liom féin: Seo é thusa, a mhac! Smachtaíonn smaointe breathnú, gan amhras, táid ceangailte go dlúth le breathnóireacht, agus fearacht an bhreathnaithe cuireann seachmall díbirt orthu. Ní léimeann duilliúir de scamaill. Titeann duilliúir sa bhfómhar.

Dá gcreidinn sách láidir in eachtraí d'fhéadfainn scéalta a ghaibhniú. Leanaim orm leis an siabhrán, sin eile. Téim ar na ribí, sin é é. Mé i ngreim agus scaipthe. Aimsím an geata, cóir ghaoithe laethanta an mhíratha do mo ligean isteach. Bíonn cathú orm de shíor a theacht i gcabhair ar anam éigin, rud a fhágann go gcuireann íomhanna an tsaoil sin iachall orm mo shaol féin a dhearmad. Sleamhnaím isteach in áit éigin faoin bhfarraige dar díobh mé. Ná bíodh sé mar sin, ní comhchruinniú de laethanta atá sa saol, ní fhágaimid aon rian inár ndiaidh, réamhtheachtairí sinn ar a bhfuil le teacht.

"Dia dhuit, tá tú ceaptha mála a bheith agat dom?" Féachann an tiománaí bus go grinn ó bhun go barr orm:
"Cárb as tú?" "As Nova Gorica," a deirimse.
Amach leis as an mbus agus síneann sé mála mór chugam as urrann an bhagáiste. Tógaim uaidh é agus glacaim buíochas leis. Tá an mála trom a dhóthain, é déanta as polaivinil, agus stríoca ildaite air. Mála den chineál ina n-iompraíonn imircigh a gcuid áirgí náireacha. Airím pian i mo chliabh, é deacair agam bogadh, táim giorranálach. Airím teagmháil bheag ar mo ghualainn ag na soilse tráchta. "A dhuine uasail, a dhuine uasail". Féachaim siar, tá beirt phóilíní taobh thiar díom. "Seas go leataobh, le do thoil, a dhuine uasail". Ní thuigim é, ach déanaim mar a deirtear liom. "Do chárta aitheantais, le do thoil!" Tógaim amach mo chárta aitheantais agus sínim chuige é. "Céard tá sa mála agat, a dhuine uasail?"
Baintear stad asam, ansin trí m'fhiacla deirim: "pacáiste de chabhair dhaonnúil". "Gabh mo leithscéal?" Féachann an póilín go míchéatach orm. "Bia a chuir mo mham chugam". Lean an póilín ag féachaint go hamhrasach orm, tugann leid don phóilín eile ansin an mála a sheiceáil. Tógann sé an mála agus tosaíonn á phúitseáil. Airím tinn arís, tá an chuma ar an bpóilín go bhfuil sé ag cíoradh mo phutóg, ag ransáil mo mheanaigh.
Buaileann náire mé i dteannta an tinnis, é ina lá geal, go leor daoine thart agus cuid acu ag gácáil. De réir mar a chuartaíonn agus a chroitheann an póilín an mála coipeann an fhearg ionam. Braithim go bhfuilim i mo sheasamh ansin lomnocht, gan áit folaigh ar fáil. I ndeireadh thiar éiríonn sé as an gcartadh, ardaíonn a cheann agus sméideann sé ar an bpóilín eile, ag tabhairt le fios go rabhas ag insint na fírinne, nach raibh ann ach bia.
Tugann an chéad phóilín mo chárta aitheantais ar ais dom, tugann an dara póilín an mála dom. "Tá sé ceart go leor, féadfaidh tú imeacht, lá maith agat!" As go brách liom, maslú na bputóg ina dhéistean orm - samhlaím mo mháthair, a ceanndánacht agus an tuineadóireacht a theastaigh le haghaidh an mála a chur ar an mbus ... Tagann meirfean orm.

*Poll Péiste
Ba é John Archibald Wheeler, duine de chomhleacaithe agus de chomharbaí Einstein an chéad duine a bhain leas as an téarma 'poll péiste' i gcúrsaí fisice sa mbliain 1957.
D'eascair an téarma ón gcomparáid le gluaiseacht péiste ar chraiceann úill: is é dromchla an úill an chruinne. Tá ar chumas na péiste tochailt tríd an úll agus aicearra a dhéanamh go dtí an taobh eile in áit a bheith ag lúbarnaíl ar chosán fada an dromchla. Go teoiriciúil mar sin, d'fhéadfadh taistealaí aicearra a dhéanamh go taobh eile na cruinne i spás iltoiseach. Go teoiriciúil áiríonn poll péiste taisteal ama. De bharr amleathadh, fágann damhna poll péiste sula ndeachaigh sé isteach ann fiú.

Féinphortráid le brídeog (na Nimhe)
Iad ar fad cliste – iad ar fad marbh! Iad uile cothrom – iad uile uasal! Iad go léir éagsúil – iad sa mbráithreachas gan airm. Iad gan airm – iad go léir ina neamhdhaoine. Murach gur filí ó thús muid, níorbh ann beag ná mór dúinn, mar nárbh ann don chomhfhiosacht, ar a dtugtar an coinsias. Is é is dual don fhile – dá dheoin nó dá ainneoin – an choinsiasacht. Gach a bhfeictear don fhile, goilleann sé air. Bíonn sé ag fulaingt, sólásach, gonta, agus é, an t-aon tráth amháin, sona seachas mar a bheadh súil aige leis agus cantalach mar a bhíonn i gcónaí. Ligeann sé na siní creathánacha sa Weltschmerz. Tá an file sásta dianturasóireacht an bháis a dhéanamh agus ansin díreach a shúnn sé isteach é, an sonas aduain sin, an druga is seachmallaí, druga na ndrugaí; agus ansin a bheireann an andúil air. Agus mar sin a thug sé an chéad chuairt anghrách ar an mbás.

Bhí lorg na colainne le feiceáil ar éigin, nóiméad an léargais le fada á thochras, agus, go tobann, tharla. An nóiméad sin díreach, thosaigh athdhéanamh an tsaoil, gach cor gan smaoineamh, an t-éadan ar maidin ar aghaidh strainséara, ar cheart glacadh leis an scáth anchumtha? Deargaíodh cogadh, cé acu is mó faitís? Cé leis an cholainn dáiríre? Cé acu an scáth, cé acu an duine? Andúil agus an comhluadar éigeantach. Scáileanna ina gcarnáin, ní chuireann tuairisc faoi éadain. Fuadar an iomraill, spréachta chun neamhshuime, daortha chun gnáis. Poll eile, le do thoil! Iarraim aon pholl amháin eile ort, ní miste leat? Croitheadh do chinn, is leor é, sula dtéim i log an uaignis, nach bhféadaim a sheachaint. Tá mé ag fanacht leat, a Rachmaill, go dtagair an bealach ag dó go santach tríd an domhan a tugadh le hoidhreacht domsa.

(Chuardaigh mé i ngach uile áit, níor aimsíos, ar ndóigh, istigh a bhí, istigh amháin. Na príomhscéalta ar fad a bhí á gceilt agam, na billí ar fad nár cuireadh faoi bhráid, an t-iomlán á charnadh, coipeadh istigh ionam. An t-am ina bhásaire, nuair a bhíonn imithe chun tosaigh, nuair a dhéanann cónaí; breith ar an rithim is ainriochta ar fad. Iomlán na gaotaireachta faoi chaomhcheol, faoi chomhcheol, faoi mhothú, a bheith ag teacht go hiomlán le rud éigin (cuma cén rud é féin), buinneach cheart. Rithim a chuirfidh ó chrích tú, agus rithim a ligfidh éadan air féin leat. Nach maidhm tarraingte an ceol, an bealach is éifeachtaí go bunchúis na beatha, le hanchuma a chur ar scáth agus géarmhachnamh a dhéanamh go géire mhine na mionaíochta?)

Comharthaí

Dá mbeifeá le súil a leagan air ar an gcaoi sin – gan choinne agat leis, i bpáirc, is é a rithfeadh leat ar an gcéad iarraidh – cuirim i gcás go raibh sé ag rabhláil i ramallae na haimléise – ní ag rabhláil baileach, samhlaítear duit é agus an chaoi a ndearna sé siúlóid an-fhada i ndiaidh a chinn, agus é ag snámhachán amach roimhe, agus é sramach amach is amach le salachar a chuid tóraíochta; siúlann sé baile mór gruama na báistí, an dorchadas ag titim le gach troigh dá gcuireann de. Tá an baile mór faoi shalachar báistí ainneoin é ina scaladh gréine taobh amuigh, tá an ghrian ag scaladh dáiríre, agus an bháisteach – má tá sí ag titim – is ina mheafar atá sin anuas ar an láimh atá ag iarraidh breith ar an ní a bhfuil an mac tubaiste ceaptha greim a bheith aige air – é féin mar a fheictear a scáil dó sna braonacha. Tá smacht á choinneáil aige ar charnán focal gan rá agus ag dul thar fhuinneoga siopaí dó, tá mainicíní i bhfuinneoga na siopaí ag coinneáil súil airsean agus á fhaire, tá sé ina chraiceann agus é balbh mar gheall ar na ceisteanna gan teorainn. Criostail féachana aige, criostail na feiceála tríd is tríd; leagtar na fabhraí go mbíonn scíth tamaillín beag ón bhféachaint, sáitear na criostail ina bhfacthas agus salaítear na braonacha báistí le pian na cinniúna; sleamhnaíonn siad, clúdaithe le fuil, san áit do-eolais. Feictear ainm i ngach lochán dó, scigléargas magúil gan miongháire dá bharr; cén fuaimniú atá dáiríre ar an ainm? Cén blas atá ar ainm dáiríre? An gcúiteodh ainm an t-easnamh a fhágtar nuair atá duine gan seoladh buan? Ainm mar chomhartha ar bhréantas bhalsam cistine, ar ghal na gcéimeanna a bhfaightear a mboladh i halla bánaithe faoi mhacalla an staighre géar suas chuig an neamháit, ceann eile de na haillte agus fána eile a tharraingíonn anuas níos faide agus níos doimhne é, ar an aineoil do-eolais. Ainm atá beo ar a bhrí, agus a éalaíonn ón mbrí sin. Beireann sé ar fhiach dubh agus ligeann a ionathar leis, réabann na hinní bogthe amach, béile. De réir réimse den phiseogacht, bíonn fios ag an té a itheann inní an fhéich. Agus le hinní an éin in inní an fhir, ceist aige air féin: An bhféadaim? Ní taobh le 'féidir' amháin atá: b'fhéidir gur féidir agus b'fhéidir nach féidir ag brath ar chúinsí an cháis.

Agus, céard a tharlaíonn nuair is air féin atá sé dírithe aige? Tá misneach aige go gclisfidh ar an ngunna agus éan éigin, nár aimsíodh le hurchar, go mbuailfear de thuairt faoin bhfuinneog é agus go ndúiseoidh sin eisean, nó tharlódh go sciorrfadh sé ar an urlár adhmaid agus titim ar mhullach a chinn. Pé bealach é, beidh brí céille agus loighice de chineál éigin sa saol a thiocfaidh idir é agus déanamh ghníomh na cinniúna. Tá an chorrmhéar ar an truicear aige ag fanacht go n-osclaíonn doras na síoraíochta. Osclaíonn an doras, níl aon tsíoraíocht ann, níl ann ach folús eile atá le líonadh.